

COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE
GALWAY COUNTY COUNCIL
An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)
Plean Ceantair Áitiúil Mhaigh Cuilinn 2013-2019

Tugtar fógra leis seo, de réir alt 19 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), go ndearna Comhairle Chontae na Gaillimhe, arb í an tÚdarás Pleanála don Chontae í, síneadh a chur le ré Phlean Ceantair Áitiúil Mhaigh Cuilinn ar an **26 Feabhra 2018**, ar feadh tréimhse cúig bliana go dtí an **26 Feabhra 2023**.

Ritheadh an Rún seo a leanas:

Go mbeartaíonn an Chomhairle, de bhun Alt 19(1)(d) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna chur isteach le hAlt 12 (a)(ii) den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010) an tráth a chuirfear fógra faoi Alt 20(3)(a)(i) d'Acht 2000 agus foilsíú fógra faoi Alt 20(3)(a)(ii) a chur siar go ceann tréimhse **nach faide** ná 5 bliana.

Rith na comhaltaí an Rún thuas tar éis daingniú a lorg agus a fháil ón bPríomhfheidhmeannach á rá:

- (a) Go leanann an Plean Ceantair Áitiúil de bheith i gcomhréir le cuspóirí agus croístraitéis an Phlean Forbartha iomchuí,
- (b) Nach ndearnadh cuspóirí an Phlean Ceantair Áitiúil a áirithiú go substaintiúil, agus
- (c) Go bhféadfar an tráth a chuirfear agus a fhoilseofar na fógraí a chur siar agus an tréimhse ar ina leith a fhéadfar iad a chur siar.

Tá cóip den Rún agus de Thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar fáil lena n-iniúchadh sna hionaid seo a leanas (**seachas ag deireadh na seachtaine agus ar laethanta saoire poiblí**):

- **An Oifig Pleanála, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh** (Luan-Aoine 9am-4pm, Céadaoin 10am-4pm)

Is féidir cóipeanna den Rún agus de Thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh a léamh ar láithreán gréasáin na Comhairle Contae freisin ag www.gaillimh.ie.

Eileen Ruane, Stiúrthóir Seirbhísí, Pleanáil agus Timpeallacht